# Fíordheimhniú Ilmhodha (MFA) – Eolas do Scrúdaitheoirí
# Scrúduithe na hArdteistiméireachta agus na Sraithe Sóisearaí (2026)

## MFA:

I mbliana, tá CSS ag úsáid fíordheimhniú ilmhodha (MFA) do na suíomhanna gréasáin go léir don mharcáil ar líne. Ciallaíonn sé sin, gach uair a logálann tú isteach in Assessor, go mbeidh na nithe seo a leanas ag teastáil uait:

- d'ainm úsáideora
- do phasfhocal
- cód 6 dhigit, a gheobhaidh tú ó aip fíordheimhnitheora nó ar ríomhphost. Beidh an cód sin bailí ar feadh 2 uair an chloig; ina dhiaidh sin, beidh cód nua ag teastáil.

Tá sé tábhachtach a mheabhrú, cé go mb'fhéidir go mbeidh ort d'fhón póca a úsáid chun an cód 6 dhigit a fháil chun logáil isteach in Assessor, **NÁR** cheart duit logáil isteach in Assessor ar d'fhón póca, ná d'fhón a úsáid chun marcáil a dhéanamh in Assessor. Tá sonraí faoin mbealach le MFA a úsáid ar leathanaigh 2 agus 3.

**Molann CSS úsáid a bhaint as an aip seachas ríomhphost chun an cód 6 dhigit a fháil,** mar go bhfuil an aip sioncronach (i.e. níl aon fhanacht nó go dtiocfaidh ríomhphost), agus níl aon seans ann go mbeidh an cód sáinnithe i gcoraintín / Turscar. Oibreoidh an dá mhodh (aip agus ríomhphost), áfach.

## Do chuntas RM a ghníomhachtú / Meabhrúchán ainm úsáideora







Go gairid roimh an gcomhdháil, gheobhaidh tú ríomhphost ina mbeidh d'ainm úsáideora. **Mura** ndearna tú marcáil ar líne in 2025, beidh nasc gníomhachtaithe do do chuntas sa ríomhphost seo freisin. Nuair a chliceálann tú ar an nasc sin, iarrfar ort do phasfhocal a chruthú agus a dheimhniú, ansin an cnaipe 'Athraigh pasfhocal' a roghnú. Ansin beidh tú in ann cliceáil ar an Nasc Gníomhachtaithe chun logáil isteach i do chuntas.

**Má** rinne tú marcáil ar líne in 2025, gheobhaidh tú ríomhphost chun d'Ainm Úsáideora Assessor a mheabhrú duit, an nasc chuig RM Assessor agus treoracha maidir leis an mbealach chun do phasfhocal a athshocrú más gá duit sin a dhéanamh.

## MFA – ag roghnú Ríomhphoist nó Aip Authenticator:




Nuair a théann tú chun logáil isteach in Assessor den chéad uair, iarrfar ort cinneadh a dhéanamh an mian leat an cód 6-dhigit a fháil trí Aip Authenticator a úsáid nó trí ríomhphost a úsáid.

Má roghnaíonn tú ríomhphost a úsáid, tabhair faoi deara gurb é an seoladh ríomhphoist a seolfar an cód 6 dhigit chuige an ceann atá ar taifead ag CSS.




Má roghnaigh tú fíorú trí aip agus gur botún a bhí ann, cliceáil *Roghnaigh modh malartach* (atá le fáil faoin gcnaipe **Lean ar aghaidh** san íomhá ar dheis) agus is féidir leat ríomhphost a roghnú ina ionad sin. Is féidir leat an rud céanna a dhéanamh má roghnaigh tú fíorú trí ríomhphost agus gur botún a bhí ansin.

## MFA – Aip Fíordheimhnitheora a úsáid:




Ní gá céimeanna 1 – 6 a dhéanamh ach uair amháin, toisc go mbaineann siad le hAip Fíordheimhnitheora a shuiteáil:

1. Ar do ghléas marcála, ar leathanach logála isteach Assessor, cinntigh go bhfuil Aip Fíordheimhnitheora roghnaithe, agus cliceáil **Lean ar aghaidh**. Beidh an scáileán ar dheis (leis an gcód QR) le feiceáil.
2. Ar do ghléas móibíleach, íoslódáil an Aip Fíordheimhnitheora a úsáidfidh tú ón siopa aipeanna ábhartha agus suiteáil í, mura bhfuil sin déanta agat cheana féin. Is iad na haipeanna a mholtar ná Google Authenticator agus Microsoft Authenticator.
3. Ar do ghléas móibíleach, oscail an Aip Fíordheimhnitheora. **Ní gá duit síniú isteach san Aip Fíordheimhnitheora ar do ghléas móibíleach.**
4. Ar do ghléas móibíleach, san Aip Fíordheimhnitheora, cliceáil ar an tsiombail + nó “cuir cuntas leis”.
    a. Más gá duit an cineál cuntais atá ann a roghnú (Obair / Scoil / Pearsanta / Eile), roghnaigh “Eile”.
    b. Roghnaigh cuntas a chur leis tríd an gcód QR a scanadh nó tríd an luach a thaispeántar faoin gcód QR a iontráil de láimh (is é sin JJ5HMTTVM52TOUC2 san íomhá thuas).
5. Ar do ghléas móibíleach, san Aip Fíordheimhnitheora, scan an cód QR, nó cuir isteach an luach a thaispeántar faoin gcód QR. Cuirfidh sé seo **Assessor.Identity** (nó a leithéid) le d’Aip Fíordheimhnitheora. Tá do chuntas RM Assessor nasctha anois leis an Aip Fíordheimhnitheora ar d’fhón.
6. Ar do ghléas marcála, is féidir leat cliceáil ar **Lean ar aghaidh** anois chun logáil isteach in Assessor.




Gach uair a logálann tú isteach in Assessor, beidh ort anois:

7. Ar do ghléas marcála, dul chuig suíomh Gréasáin Assessor, d’ainm úsáideora agus do phasfhocal a chur isteach, agus cliceáil ar **Lean ar aghaidh**.
8. Ar do ghléas móibíleach, oscail an Aip Fíordheimhnitheora agus cliceáil ar Authenticator.Identity (nó a chomhionann) chun an cód 6 dhigit a fheiceáil.
9. Ar do ghléas marcála, clóscríobh an cód 6 dhigit agus cliceáil **Fíoraigh** (an íomhá ar dheis). De ghnáth, athraíonn an cód gach 30 soicind, mar sin ní mór duit an cód a chur isteach sula rachaidh sé in éag.

10. Tabharfar chuig an leathanach logála isteach thú (an íomhá ar dheis ag an mbun); cliceáil ar **Marcáil** chun rochtain a fháil ar do mharcáil, nó ar **Cleachtadh** chun rochtain a fháil ar an mód an chleachtaidh. (De ghnáth, ní bheidh ort ach cliceáil ar Marcáil.)



## MFA – Ríomhphost a úsáid:




Má roghnaíonn tú ríomhphost mar do mhodh fíordheimhnithe agus má chliceálann tú **Lean ar aghaidh,** feicfidh tú an scáileán ar dheis.

Seolfar ríomhphost chugat ina mbeidh cód 6 dhigit. Féach an sampla thíos. Seolfar an ríomhphost ó noreply@in.rm.com.

Seiceáil d'fhillteáin Bruscair/Turscair mura bhfuil an ríomhphost faighte agat laistigh de 1 nóiméad, mar nach bhfuil an cód bailí ach ar feadh 5 nóiméad.

Nuair a bheidh an ríomhphost agat, cuir isteach an cód ón ríomhphost sa scáileán ar dheis, agus cliceáil **Fíoraigh.**

Mar a sonraíodh ar an leathanach roimhe seo, feicfidh tú scáileán ansin a ligeann duit **Marcáil** nó **Cleachtadh** a roghnú. (De ghnáth, ní bheidh ort ach cliceáil ar Marcáil.)

*Dia duit M Murphy,*

*Úsáid an Cód Fíordheimhnithe seo a leanas, le do thoil, chun do shíniú isteach ar an Ardán RM Assessment a chur i gcrích:*

*Cód: 606798*

*Tá an cód seo bailí ar feadh 5 nóiméad. Ar chúiseanna slándála, ná roinn an cód seo le duine ar bith.*

*Mura ndearna tú iarratas ar an gcód seo, déan teagmháil le do dheasc chabhrach láithreach.*

*Is ríomhphost é seo a ghintear go huathoibríoch ón ardán Assessment RM. Ná freagair é, le do thoil, mar nach ndéantar monatóireacht ar an mbosca poist.*

## MFA – Logáil isteach agus neamhghníomhaíocht

Logálfaidh RM Assessor amach as an ardán thú go huathoibríoch má bhíonn tú neamhghníomhach ar feadh 20 nóiméad. Má tharlaíonn sé sin, beidh ort logáil isteach arís ag baint úsáid as d'Ainm Úsáideora agus as do Pasfhocal.

Fanfaidh gach Cód Fíordheimhnithe bailí ar feadh 2 uair an chloig ón gcéad uair a úsáideann tú é chun logáil isteach. Dá bhrí sin, má logálann tú amach agus ansin isteach arís laistigh de thréimhse 2 uair an chloig, ní bheidh ort Cód Fíordheimhnithe nua a iontráil.

## Do Thaisce / Stair / Fianáin a Ghlanadh:

D’fhéadfaí a mholadh duit ó am go ham taisce do bhrabhsálaí a ghlanadh/do stair bhrabhsála a ghlanadh/fianáin a ghlanadh mar chuid de na céimeanna chun fadhbanna a réiteach, m.sh. Is féidir leis seo a bheith amhlaidh uaireanta toisc gur tharla úsáid níos nuaí agus go bhfuil leaganacha comhad níos sine á gcoinneáil i do bhrabhsálaí. Is céimeanna táscacha iad na céimeanna seo a leanas.

**Chrome**

1. Cliceáil ar na 3 phonc ingearacha sa chúinne ar dheis ag an mbarr
2. Roghnaigh Stair > Stair
3. Roghnaigh Glan an Stair Bhrabhsála (ba chóir go mbeadh sé seo ar thaobh na láimhe clé den scáileán)
4. Táb bunúsach > athraigh an tréimhse ama go dtí ‘gach am’ agus cuir tic leis na roghanna ar fad atá liostaithe.
5. Roghnaigh Glan na sonraí

**Firefox**

1. Cliceáil ar na 3 phonc chothrománacha sa chúinne ar dheis ag an mbarr
2. Roghnaigh Leabharlann > Stair > Glan an Stair is Déanaí
3. Athraigh raon ama ‘gach rud’ agus roghnaigh na roghanna ar fad i Stair.
4. Cliceáil ar ‘OK’

**Edge**

1. Cliceáil ar na 3 phonc chothrománacha sa chúinne ar dheis ag an mbarr
2. Roghnaigh Stair
3. Cliceáil ar 3 phonc chothrománacha laistigh den tsraith ag an mbarr den phainéal Staire atá le feiceáil.
4. Roghnaigh Glan na sonraí Brabhsála
5. Athraigh an tréimhse ama go dtí ‘gach am’ agus cuir tic leis na roghanna ar fad atá thíos.
6. Cliceáil ar Glan Anois

**Safari ar Mac**

1. Oscail Safari. Cliceáil ar Safari in aice le lógó Apple
2. Cliceáil ar Roghanna.
3. Cliceáil ar Ardroghanna.
4. Cuir tic sa bhosca don roghchlár Taispeáin Forbair sa bharra roghchláir.
5. Cliceáil ar Forbair ón mbarr.
6. Cliceáil ar Folmhaigh na Taiscí.

## Gléasanna a dTacaítear leo don Mharcáil Ar Líne:

Éilíonn CSS nach n-úsáidfeadh scrúdaitheoirí ach na gléasanna, na córais oibriúcháin agus na brabhsálaithe a dtacaítear leo agus iad ag marcáil ar líne. Tugtar sonraí faoi na gléasanna seo sa tábla thíos. **Níor cheart** do scrúdaitheoirí gléasanna, córais oibriúcháin ná leaganacha de bhrabhsálaithe a úsáid atá faoi bhun na sonraíochta íosta do RM Assessor. **Is féidir le húsáid gléasanna nach dtacaítear leo a bheith mar chúis le hearráidí feidhmchláir agus feidhmiúlacht nach n-oibríonn i gceart.** Cinntigh, le do thoil, go gcomhlíonann do ghléas an tsonraíocht a dtacaítear léi sula dtosaíonn tú ag marcáil.

Tabhair faoi deara **NACH** dtacaítear le gléasanna fóin póca agus níor cheart iad a úsáid le haghaidh marcála.

**Chun an t-eispéireas marcála is fearr a fháil, cinntigh nach bhfuil tú logáilte isteach ach ar aon ghléas amháin agus nach bhfuil aon bhrabhsálaithe eile ag rith sa chúlra.**

| | PC | | Mac | Android Tablet | iPad |
|---|---|---|---|---|---|
| **Operating system** | **Windows 10** Version 22H2 supported until 31 July 2026 | **Windows 11** Version 24H2 supported until 13 Oct 2026 Version 25H2 supported until around October 2027 | **macOS** Current and the preceding major version are supported | **Android** Current and the preceding major version are supported | **iPadOS** Current and the preceding major version are supported |
| **Processor** | Intel i3+ or equivalent | Intel i3+ or equivalent Windows 11 compatible processor | Devices stated by Apple as being supported for the above macOS | Quad core+ | Devices stated by Apple as being supported for the above iPadOS |
| **Memory** | 4GB+ | 4GB+ | | Memory required for the above OS | |
| **Screen Size** | 8" or larger, minimum resolution 1280x720 | | | | |

| | PC | | Mac | Android Tablet | iPad |
|---|---|---|---|---|---|
| **Browser** | **Chrome, Firefox, Edge** Current and the preceding major version | **Chrome, Firefox, Edge** Current and the preceding major version | **Chrome, Firefox, Safari** Current and the preceding major version | **Chrome** Current and the preceding major version | **Safari** Current and the preceding major version |
| **Input supported** | Mouse and Keyboard | Mouse and Keyboard | Mouse and Keyboard | Touch and Keyboard | Touch and Keyboard |

## Tacaíocht le linn na Marcála – Scrúdaitheoirí Comhairleacha:

Le haghaidh ceisteanna ar bith maidir le cur i bhfeidhm na scéime marcála, úsáid chuí anótálacha, agus mar sin de, déan teagmháil le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

## Tacaíocht le linn na Marcála – Eisceachtaí:

Le linn do chuid marcála, d’fhéadfadh fadhbanna teacht chun cinn le scripteanna – mar shampla, i gcás nach bhfuil leathanach scanta i gceart; nó i gcás nach bhfuil an páipéar ceart don chomhpháirt sin; nó i gcás ina bhfuil leagan Gaeilge de pháipéar le feiceáil sa chomhpháirt Bhéarla den pháipéar sin.

Sna cásanna sin, déan teagmháil le do Scrúdaitheoir Comhairleach ar dtús. Má tá do Scrúdaitheoir Comhairleach sásta gur cheart eisceacht a ardú, ansin ardaigh eisceacht ar an script seo in Assessor (féach an leabhrán *Ag Tosú Amach* le haghaidh sonraí). Is iad na heisceachtaí ábhartha ná:

- **Iarratas ar Athscanadh Íomhá** – *m.sh. tá cuid de leathanach iompaithe síos, nó tá post-it ar an leathanach*
- **Ceistpháipéar Mícheart** – *is ábhar / leibhéal / leagan teanga mícheart an páipéar*
- **Comhpháirt ar Iarraidh** – *níl an páipéar / an obair chúrsa a mheaitseálann é le feiceáil tar éis an príomhpháipéar a íoslódáil*
- **Ábhar ar Iarraidh ón gComhpháirt seo** – leathanaigh / leathanaigh bhreise ar iarraidh
- **Níl uimhreacha an iarrthóra ag meaitseáil a chéile** – *níl uimhir iarrthóra na leathanach breise / an pháipéir Cluastuisceana ag meaitseáil an phríomhleabhráin*

Nuair a ardaíonn tú ceann de na heisceachtaí seo, seolfar chuig an Rannóg Marcála Ar Líne in CSS é. Ná seol ríomhphost/glao gutháin chuig an Rannóg Marcála Ar Líne maidir le hEisceacht atá ardaithe agat, mar go bhféadfadh sé sin acmhainní a thógáil ó bheith ag obair ar eisceachtaí oscailte agus d’fhéadfadh moilleanna a bheith ar réiteach na n-eisceachtaí dá bharr. Déileálfar le heisceachtaí tríd an gcóras marcála ar líne.

Nuair a bheidh na heisceachtaí sin réitithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh ort gníomh breise a dhéanamh (m.sh., ábhar breise atá curtha le script a athbhreithniú). Sna cásanna sin, déanfar teagmháil leat tríd an bhfeidhm teachtaireachtaí in Assessor. Meastar go ndéileálfar le d’eisceacht laistigh de **3 lá;** má tá gá le tuilleadh imscrúdaithe a éilíonn níos mó ama, cuirfear ar an eolas thú.

Tabhair faoi deara go bhfuil treoracha ar leith i bhfeidhm maidir leis an eisceacht a bhaineann leis an m*Bónas don Ghaeilge* – téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach i gcás inar cheart eisceacht a ardú chun an bónas a choinneáil siar. (Féach freisin an leabhrán S63 *Treoracha do Scrúdaitheoirí* nó an leabhrán *Ag Tosú Amach*.)

Féach treoracha ar leith ag an gcomhdháil maidir le heisceachtaí gan réiteach ag deireadh na marcála.

## Tacaíocht le linn na Marcála – Tacaíocht Theicniúil

Le linn na marcála, d’fhéadfadh fadhbanna teicniúla eile a bheith agat a bhaineann le húsáid Assessor. Sna cásanna sin, féach ar an doiciméad Ceisteanna Coitianta i dtús báire atá ar fáil ag https://secexaminer.ie/online-marking-training

Mura bhfuil d’fhadhb réitithe agat tar éis duit féachaint ar na Ceisteanna Coitianta, déan teagmháil leis an Rannóg Marcála Ar Líne ag úsáid na n-uimhreacha atá liostaithe. Ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Marcála Ar Líne chun fadhbanna a réiteach amhail:

- Fadhbanna logála isteach agus rochtana
- Ceisteanna maidir le Fíordheimhniú Ilmhodha
- Marcanna a chailleadh, gan a bheith in ann marcanna a shábháil, etc.
- Gan a bheith in ann anótálacha a chur i bhfeidhm ar script
- Gan a bheith in ann rochtain a fháil ar do chuid marcála, nó ar mhonatóireacht do Scrúdaitheora Chomhairligh
- Fadhbanna leis an gcóras ag léim ar ais chuig ceisteanna roimhe seo
- Ceisteanna/iarratais ón bhfoireann chomhairleach nó ón bhfoireann scrúdaithe shinsearaigh maidir le dí-leithdháileadh scripteanna nó marcanna.

Nuair a bhíonn seatanna scáileáin á seoladh agat ar ríomhphost ina bhfuil aon fhaisnéis inaitheanta (mar shampla, scrúduimhir, aitheantas freagartha), beidh ort iad a sheoladh i **bhformáid chriptithe.** Bain úsáid as an doiciméad Word criptithe a chuir do Scrúdaitheoir Comhairleach ar fáil duit chun na críche sin. Ná hathraigh nó ná bain an pasfhocal ar an gcomhad, le do thoil.

Más gá duit an fhoirm Tuairiscithe Deacrachtaí a úsáid mar gheall ar fhadhb theicniúil, bain úsáid as an suíomh Gréasáin seo a leanas chun cabhrú leat sonraí teicniúla do ghléis agus do bhrabhsálaí a fháil amach mar go gcuideoidh sé sin le haimsiú agus réiteach na bhfadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann.

https://www.genelify.com/tools/what-is-my-browser

Nuair a osclaítear é, taispeánann an suíomh Gréasáin seo duit go huathoibríoch sonraí a bhaineann leis an mbrabhsálaí atá in úsáid agat chomh maith le córas oibriúcháin (OS) do ghléis. Tá spás ar an bhfoirm Tuairiscithe Deacrachtaí chun cuid den fhaisnéis sin a chur san áireamh, rud a chabhraíonn le himscrúduithe ar aon fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann.

**Browser**

| | |
|---|---|
| Name | Chrome |
| Version | 148.0.7778.168 |
| Major Version | 148 |
| Engine | Blink |
| Engine Version | 148.0.7778.168 |

**OS**

| | |
|---|---|
| Name | Windows |
| Version | 11 |

| **Sonraí Teagmhála na Rannóige Marcála Ar Líne:** | **Uaireanta Oibre na Rannóige Marcála Ar Líne:** |
|---|---|
| Onlinemark@examinations.ie<br>090 644 2461<br>090 644 2476 | Ó Luan go hAoine 08:30 - 20:00<br>Dé Sathairn 08:30 - 14:00*<br>*08:30 – 17:00 ar an Satharn 6 Meitheamh agus 27 Meitheamh<br>*08:30 – 13:00 ar an Domhnach 7, 14, agus 21 Meitheamh |